Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2017**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0158 (COD)**

**11272/17**
**ADD 3**

**UD 183**
**ENFOCUSTOM 175**
**EF 167**
**ECOFIN 649**
**JAI 694**
**COSI 166**
**COTER 74**
**RELEX 658**
**DROIPEN 104**
**COPEN 239**
**CODEC 1251**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 263 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 263 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 263 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2017
SWD(2017) 263 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú**

{COM(2017) 375 final}
{SWD(2017) 262 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar thogra le haghaidh bearta custaim maidir le hearraí cultúrtha a allmhairiú |
| **A. An gá atá ann le gníomhaíocht** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéad |
| Faoi chuimsiú an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an tSlandáil[1] ó 2015 agus an Phlean Gníomhaíochta ó 2016 chun an comhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú[2], d'fhógair an Coimisiún go n-ullmhódh sé togra reachtach i gcoinne trádáil aindleathach earraí cultúrtha faoi dheireadh an dara ráithe de 2017.<br>Leis an togra seo tugtar aghaidh ar an bhfadhb earraí cultúrtha a bheith á dtabhairt isteach go mídhleathach san Aontas as tríú tíortha tar éis iad a bhaint óna gcomhthéacs stairiúil agus seandálaíoch, rud a chothaíonn an choireacht eagraithe, maoiniú na sceimhlitheoireachta, sciúradh airgid agus imghabháil cánach chomh maith le cailleadh fhéiniúlacht chultúrtha agus oidhreacht chultúrtha na dtíortha tionscnaimh. Forbairt is ea é ar reachtaíocht de chuid an Aontais lena dtoirmisctear trádáil earraí cultúrtha ón Iaráic agus ón tSiria (Rialachán 1210/2003 agus Rialachán 36/2012). |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéad |
| Is é is aidhm don tionscnamh seo cosc a chur ar earraí cultúrtha arna n-onnmhairiú go haindleathach ón tríú tír a allmhairiú agus a stóráil san Aontas; agus, ar an dóigh sin, an gháinneáil ar earraí cultúrtha a laghdú, maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac agus an oidhreacht chultúrtha a chosaint, go háirithe réada seandálaíochta i dtíortha tionscnaimh ina bhfuil coinbhleacht armtha. Chuige sin, táthar ag beartú: sainmhíniú coiteann a leagan síos ar earraí cultúrtha tráth a n-allmhairithe; a áirithiú go ngníomhóidh allmhaireoirí le dúthracht nuair a cheannóidh siad earraí cultúrtha ón tríú tír; faisnéis chaighdeánach a chinneadh lena dheimhniú go bhfuil earraí dleathach; foráil a dhéanamh maidir le díspreagadh éifeachtach ar gháinneáil; agus rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara a chur chun cinn maidir leis an oidhreacht chultúrtha a chosaint. |
| **Cad é an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh?** 7 líne ar a mhéad |
| Pé bearta rialaithe agus grinnscrúdaithe atá i bhfeidhm i mBallstát ní chuirfear cosc ar earraí cultúrtha aindleathacha a theacht isteach sa Bhallstát sin ón dara Ballstát nach bhfuil rialuithe den sórt sin i bhfeidhm ann. Idirdhealú is toradh ar an gcaoi mhíchothrom a gcaitear le hoibreoirí eacnamaíocha sna Ballstáit éagsúla. Is gá cur chuige coiteann chun a áirithiú go gcaithfear ar bhealach éifeachtach aonfhoirmeach le hallmhairí ar fud an Aontais. |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéad |
| Rinneadh na roghanna beartais a mheas ina ngrúpaí:<br>Ar an gcéad dul síos, roghanna reachtaíochta boige le dea-thoil agus féinsmacht na bpáirtithe leasmhara a chothú agus le cumas na n-údarás inniúil a fheabhsú (Grúpa A).<br>Ar an dara dul síos, roghanna rialála a thabharfadh aghaidh ar dhá eilimint thábhachtacha:<br>- sainiú cuí an raoin earraí cultúrtha atá le cumhdach leis an tionscnamh (Grúpa B);<br>- na ceanglais doiciméadachta is gá chun a dheimhniú go bhfuil earraí dleathach (Grúpa C).<br>Go sonrach, tá na roghanna seo a leanas maidir le deimhniú i nGrúpa C:<br>(a) Deimhniú onnmhairiúcháin arna eisiúint ag an tír thionscnaimh agus comhar riaracháin leis an tír i gceist;<br>(b) Ráiteas ón allmhaireoir (mionnscríbhinn) maille le foirm "Object ID" a thugann faisnéis bhunúsach faoi na hearraí;<br>(c) Ceadúnas allmhairiúcháin arna eisiúint ag údaráis cultúir an Aontais Eorpaigh le haghaidh gach earra cultúrtha<br>(d) Ceadúnas allmhairiúcháin le haghaidh earraí cultúrtha ar mórphriacal dóibh an slad (réada seandálaíochta) agus ráiteas ón allmhaireoir agus "Object ID" i gcás gach earra chultúrtha eile (meascán eilimintí de b agus c). |

[1] COM (2015) 185 final

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta chun an comhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú [COM(2016) 50 final]

| | |
|---|---|
| **Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?** 7 líne ar a mhéad | |
| Tá na gnólachtaí agus ionadaithe na ngrúpaí leasmhara i bhfabhar roghanna neamhrialála agus b'fhearr leo gan aon cheanglas sonrach a bheith ag an Aontas maidir le doiciméid tráth an allmhairithe. Ar na ceanglais doiciméadachta sin, is cosúil gurbh é an ráiteas ón allmhaireoir ba lú a chuirfidís ina choinne. Tá údaráis phoiblí na mBallstát, na heagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta i bhfabhar bearta láidre, amhail deimhniú onnmhairiúchain nó ceadúnú allmhairiúcháin; tá amhras orthu faoina éifeachtaí a bheadh ráitis ón allmhaireoir, toisc nár triaileadh an féindeimhniú sa réimse seo riamh. | |
| **C. Tionchair na rogha tosaíochta** | |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann do rogha thosaíochta; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad | |
| Meascán de roghanna reachtaíochta boige agus de bhearta rialála a mbeadh éagsúlacht mhór cineálacha earraí agus íosteorainn aoise 250 bliain ag gabháil leis is ea an rogha tosaíochta. Déanfar foráil maidir le ceanglais doiciméadachta freisin, chun bunáitíocht dhleathach a chruthú. Ar an dóigh sin, le rialuithe níos éifeachtaí, táthar ag súil gáinneáil ar earraí cultúrtha a laghdú, maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac agus an oidhreacht chultúrtha a chosaint, go háirithe i dtíortha tionscnaimh ina bhfuil coinbhleacht armtha. | |

| | |
|---|---|
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann do rogha thosaíochta; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad | |
| An t-oibreoir eacnamaíoch a allmhaireoidh earraí cultúrtha a mheastar gur oidhreacht i mbaol iad (cuid bheag bhídeach de mhargadh na healaíne é sin), beidh air ceadúnais allmhairiúcháin a fháil ina leith sula bhféadfaidh sé iad a allmhairiú isteach san Aontas. Cuirfidh sé sin costas áirithe ar an allmhaireoir toisc go mbeidh air doiciméadacht a chruinniú agus í a chur faoi bhráid na n-údarás, agus cuirfidh sé roinnt costais, freisin, ar na húdaráis cultúir toisc go mbeidh orthu a áirithiú go bhfuil acu an saineolas iomchuí leis na hiarratais a scrúdú. I gcás earraí eile, beidh ar an allmhaireoir an ráiteas ón allmhaireoir agus an "Object ID" a líonadh agus iad a thabhairt do lucht custaim lena scrúdú agus lena gclárú. | |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** 8 líne ar a mhéad | |
| Gnólacht beag nó micrifhiontar atá i mbeagnach gach uile ghnólacht i margadh na healaíne. Ar an ábhar sin, rinneadh na bearta a moladh a mheas amhail is dá mba FBM gach oibreoir, i.e. rinneadh iarracht réitigh a roghnú a mbeadh teorainn leis na hacmhainní oibriúcháin a theastódh dóibh agus a mbeadh na costais comhlíontachta ab ísle ab fhéidir ag baint leo. | |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid agus ar chórais riaracháin náisiúnta?** 4 líne ar a mhéad | |
| Diomaite den cheadúnú allmhairiúcháin le haghaidh réada seandálaíochta agus eilimintí séadchomharthaí a mbeidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh acu an saineolas chun na hiarratais air a phróiseáil, ní bheidh riachtanais mhóra acmhainní daonna ná costas oibriúcháin ann de thoradh na mbeart. | |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** 6 líne ar a mhéad | |
| Cuirfidh na rialuithe custaim agus na baic eile ar gháinneáil (pionóis) isteach ar an gcoireacht eagraithe agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta san Aontas Eorpach agus ar an gcoigríoch. D'fhéadfadh bearta an Aontais tionchar dearfach a imirt ar thríú tíortha a bhfuil a n-oidhreacht chultúrtha i mbaol. | |
| **Comhréireacht** | |
| Ní chuirfidh na bearta costais mhíréasúnta ar lucht trádála ná ar údaráis riaracháin. | |
| **D. Obair Leantach** | |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** 4 líne ar a mhéad | |
| Tuairisceoidh an Coimisiún gach cúig bliana maidir le cur chun feidhme an Rialacháin. | |